



Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projects



An Foras um Chláir Speisialta an AE

Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2016



European Union
European Regional
Development Fund
Investing in your future



**Northern Ireland
Executive**
www.northernireland.gov.uk



Ireland's European Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020
Co-funded by the Irish Government
and the European Union




European Union



The Scottish
Government
Riaghaltas na h-Alba

EUROPE & SCOTLAND
European Regional Development Fund
Investing in a Smart, Sustainable and Inclusive Future



Comhlacht na gClár Speisialta AE Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

Arna leagan faoi bhráid Tionóil Thuaisceart Éireann faoin Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Curtha faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann de réir Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999, Sceideal 1, Iarscríbhinn 2, Cuid 7, ailt 1.3 agus 2.6 ón Roinn Airgeadais agus faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir Airteagal 49(1) an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 ar 14 Nollaig 2017.



© cóipcheart FCSAE 2017.

Is féidir leat an doiciméad seo a athúsáid (lógónna as an áireamh) saor ó tháille i bhformáid nó meán ar bith, faoi théarma an Cheadúnais Rialtais Oscailte. Chun amharc ar an gceadúnas seo, tabhair cuairt le do thoil ar **www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence** nó cuir r-phost chuig: **psi@nationalarchives.gsi.gov.uk**

Áit a bhfuil eolas cóipchirt ar bith a bhaineann le tríú páirtí sainaitheanta againn beidh ort cead a fháil ó shealbhóirí an chóipchirt a bhaineann.

Chun sonraí breise a fháil faoi athúsáid na Tuarascála Bliantúla agus Cuntas do 2016 scríobh le do thoil chuig:

FCSAE,
7ú Urlár, Foirgneamh Clarence West,
2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann, BT2 7GP.

Tá an doiciméad seo le fail chomh maith ar ár suíomh idirlín ag **www.FCSAE.eu**

Is ceart ceisteanna ar bith eile maidir leis an doiciméad seo a chur chugainn ag **info@FCSAE.eu**

Íomhá an Chlúdaigh:

Grianghraf a tógadh ag lainse oifigiúil na gClár PEACE IV agus INTERREG VA ag Ionad Skainos in Oirthear Bhéal Feirste.

Contents

| | |
|--|----|
| Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh | 02 |
| Ról an Fhorais um Chláir Speisialta an AE | 04 |
| Gnóthachtálacha Móra do 2016 | 06 |
| • Forbhreathnú ar an gClár PEACE IV | 08 |
| • Forbhreathnú ar an gClár INTERREG VA | 13 |
| • Cláir Thrasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha | 17 |
| Na Cláir a Chomhroinnt in 2016 | 19 |
| Cuntais Bhliantúla | 22 |
| Aguisín | 62 |



Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil do 2016 a chur i láthair agus mé ag comhlíonadh mo ról mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ag Comhlacht na gClár Speisialta AE (FCSAE). Bhí an bhliain seo ar cheann de na blianta ba dhúshlánaí i stair na heagraíochta, ach tháinig deireadh maith léi le mar go raibh na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA á gcur i bhfeidhm i gcónaí. i bhfeidhm i gcónaí.

Chun an tréimhse nua, chorráitheach mhaoinithe seo do 2014-2020 a leiriú, thapaíomar an deis ár misean agus ár ráiteas físe a athnuachan agus áirítear sonraí maidir leis na ráitis seo níos déanaí sa Tuarascáil Bhliantúil.

I dtosach na bliana lainseáladh go hoifigiúil an dá Chlár ag ócáid ardphróifíle ag ionad trasphobail Skainos a mhaoiníonn PEACE III agus tá suite in Oirthear Bhéal Feirste. Tionóladh an ócáid ar 22 Eanáir 2016 agus bhí Airí i láthair as an limistéar intofa uile de na Cláir, ina measc Rúnaí Comh-aireachta Infreastruchtúir agus Infheistíochta Alban, Keith Brown MSP, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na hÉireann, Brendan Howlin TD agus Aire Airgeadais Thuaisceart Éireann, Mervyn Storey MLA.

Ag déanamh ionadaíochta di don Choimisiún Eorpach, d'aibhsigh Deša Srsen na tairbhí dearfacha a chruthódh an maoiniú thar limistéir intofa an Chláir. D'fhreastail breis is 200 duine ar an ócáid ag ar breathnaíodh siar ar an rath a bhí ar Chláir roimhe sin agus ar an tionchar fadtéarmach a bhí acu ar shaoil na gcéadta míle duine. Tar éis an lainse bhí sraith de sheimineáir ann chun eolas a scaipeadh maidir leis na cuirí chun iarratais ar mhaoiniú a chur isteach agus

feasacht a ardú maidir leis na deiseanna maoinithe atá ar fáil faoin gClár. D'éirigh go geal leis na hócáidí trasteorann seo agus mealladh lucht éisteachta de bhreis is 860 duine chucu.

Mar gheall ar thoradh Reifreann faoi bhallaíocht na RA san AE bhí éiginnteacht nár bheag ann maidir le infhaighteacht maoinithe do na cláir amach anseo. Tar éis pléanna, áfach, idir Roinn Airgeadais Thuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn, thángthas ar chomhaontú faoi théarmaí na gcomhaontuithe maoinithe a thairgtear do thairbhíthe faoi na cláir, chun a chinntiú gur féidir leanúint leis an maoiniú go dtí go dtaga deireadh leis an tréimhse reatha maoinithe, is cuma má fhágann an RA an AE.

Eisíodh ansin tairiscintí maoinithe i gcomhair líon áirithe tionscadal arna maoiniú ag INTERREG VA, ar a n-áiríodh €16.6 milliún do thionscnamh um fhorbairt fiontar nua trasteorann lena méadófar an líon FBManna atá gafa le comhoibriú Taighde & Nuála laistigh de Thuaisceart Éireann, Éireann agus Alban Thiar.

Tairgeadh maoiniú de €23.7 milliún i gcomhair trí thionscadal nua trasteorann do ghlasbhealaigh a bheidh ina mbealaí teastáil nua inmharthana do rothaithe agus coisithe araon. Méadófar leis na tionscadail seo go léir an líon turas trasteorann a dhéanfar de rothar nó de chois faoi suas le 10% ar fud an réigiúin faoi 2023.

Bhíomar in ann freisin an chéad tairiscint maoinithe a eisiúint i gcomhair íospartach agus marthanóirí na coinbheachta atá lena sheachadadh ag Seirbhís na nÍospartach & na Marthanóirí (VSS). Agus luach ann de £13.4m, rachaidh an maoiniú chun tairbhe do suas le 17,650 íospartach agus marthanóirí mar aon le baill da dteaghlaigh ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiúin na Teorann in Éirinn.

Ní bheadh na cláir tagtha chun an ardchéim feidhmithe seo gan dianobair ball Coistí



Monatóireachta agus Stiúrtha an Chláir do PEACE IV agus INTERREG VA. Léirigh baill na gcoistí seo síorthiomantas, díograis agus tacaíocht i gcaitheamh na bliana.

Le linn na bliana rinneamar ár ndícheall chun daoine a spreagadh chun bheith gafa ag leibhéal níos airde leis an gClár Trasnáisiúnta INTERREG VB agus an Clár Idir-réigiúnach INTERREG VC. Forbraíodh líon suntasach comhpháirtíochtaí tionscadail nua, nuálach tionscadail mar chuid den obair seo agus forbrófar mórán eile díobh sna blianta amach romhainn.

Mar chuid de na socruithe rialála corparáidí atá againn, tuairiscimid don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) i bhformáid Earnála. Tionóladh an naoú cruinniú déag den NSMC i dtaca le Clár Speisialta an AE sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Teach Uíbh Eachach, Baile Átha Cliath, ar 7 Iúil 2016. Bhí Máirtín Ó Muilleoir MLA, Aire Airgeadais, an tAire Sóisearach san Oifig Feidhmiúcháin Alastair Ross MLA agus Paschal Donohoe, T.D., Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i láthair.

Ar 2 Nollaig 2016 tionóladh an fichiú cruinniú den NSMC i dtaca le Clár Speisialta an AE in Oifig Comhrúnaíochta an NSMC in Ard Macha. Bhí Paschal Donohoe, T.D, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Máirtín Ó Muilleoir MLA, Aire Airgeadais agus an tAire Sóisearach san Oifig Feidhmiúcháin Alastair Ross MLA i láthair. An tAire Donohoe a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú. Ar 29 Meitheamh 2016 tugadh cuireadh don FCSAE fianaise a chur i láthair Choiste Airgeadais Thionól Thuaisceart Éireann. Ar 17 Samhain iarradh air chomh maith fianaise a chur i láthair Chomhchoiste Feidhmithe Chomhaontú Aoine an Chéasta, ag Tithe an Oireachtais i mBaile Átha Cliath.

Tá sé de phribhléid mhór againn bheith i mo cheannaire ar bhaill foirne an-ghairmiúil a bhfuil díograis, teacht aniar agus misneach léirithe acu sa

bhliain dhúshlánach seo ach go háirithe. Tá an-mhuinín againn as a ndíograis agus as a gcumas chun na Cláir seo a chur i bhfeidhm.

Is mian liom a admháil ach go háirithe an tacaíocht a fuair againn ó Áirí agus oifigigh na Ranna atá mar Urraitheoirí againn, ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, mar aon leis an iliomad Roinn Rialtais eile a n-oibrímid in gcomhar leo i dTuaisceart Éireann, in Éirinn agus in Albain chomh maith leis an NSMC agus ar ndóigh an Coimisiún Eorpach.

Táimid anois tagtha chun tréimhse chorráiteach atá ag gluaiseacht go mear do PEACE IV agus INTERREG VA de réir mar a eisítear litreacha tairisceana agus mar a thagann gníomhaíocht chun cinn mar thoradh ar na tionscadail. Beidh spriocanna uailmhianacha caiteachais le baint amach againn sna blianta amach anseo chomh maith chun deimhin a dhéanamh de go n-uasmhéadaímid tarraingt anuas an mhaoinithe AE ar fad atá ar fáil.

Leanfaidh FCSAE de bheith ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí chaibidlíocht Brexit na RA leis an gCoimisiún Eorpach, agus an tionchar a bheidh acusan ar ár gClár Maoinithe AE a mheas. De réir mar a thagann tionscadail chun bheith i bhfeidhm beimid in ann na cuspóirí lárnacha atá san áireamh i gClár PEACE IV agus INTERREG VA a bhaint amach. Táim ag súil le breis nuachta faoi seo a thabhairt díobh faoi seo de réir mar a tharlaíonn sé.

Gina McIntyre
Príomhfheidh
meannach

An Foras um
Chlár
Speisialta an AE



Ról an Fhorais um Chláir Speisialta an AE

Ár Misean

Feabhas a chur ar shaol na ndaoine tríd an gcomhpháirtíocht agus an comhoibriú trasteorann.

Ár bhFís

Beidh tionchar dearfach, marthanach ag FCSAE ar mhuintir an réigiúin trí chlár comhoibrithe a sheachadadh go rathúil, thar ceann an dá Rialtas agus an Choimisiúin Eorpaigh. Oibreoimid le hionracas amach is amach agus urramóimid éagsúlacht na ndaoine go léir sa réigiún. Rachaimid chun feabhais i gcónaí, ag spreagadh na simplíochta dúinn agus ag misniú na mball foirne chun barrfeabhas a bhaint amach tríd an cur le chéile i measc na foirne go himmheánach agus go seachtrach.


Míniú ar ár Ról

Comhlacht Thuaidh/Theas arna bhunadh faoin gComhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Comhaontú) is ea an Foras um Chláir Speisialta an AE (FCSAE) agus tháinig sé i bhfeidhm ar 2 Nollaig 1999.

Ordaítear leis an gComhaontú go gcuirfidh FCSAE i bhfeidhm na beartais a bheidh ordaithe ag an gComhaireacht Thuaidh Theas (NSMC) de réir mar atá mionsonraithe ag an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 arna leasú.

Comhlíonann FCSAE ról an Údaráis Bhainistíochta agus Údaráis Dheimhnithe mar aon leis an gComhrúnaíocht (JS) do na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA (2014-2020) a chur ar fáil.

Bíonn ról leathan ag FCSAE maidir le tacú le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gClár Trasnáisiúnta INTERREG VB a bhaineann le Tuaisceart Éireann. Ina theannta sin, bíonn ról comhairleach agus ról mar tháscaire ag FCSAE i dtaca le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gClár Idir-réigiúnach INTERREG VC.



An balla ceartingearach gairdín ag an Ionad tras-phobail arna mhaoiniú ag PEACE, Skainos in Oirthear Bhéal Feirste.



Príomhéachtaí na bliana 2016

| Cuspóirí Corparáideacha | Torthaí Tábhachtacha |
|---|--|
| 1. A chinntiú go bhfeidhmítear próisis éifeachtacha gnó do Chláir 2007-2013 as a dtiocfaidh uasmhéadú ar fháltais AE don dá Bhallstát. | <ul style="list-style-type: none">• Cuireadh riachtanais uile Airteagail 13 (CE Uimh. 1083/2006) i gcrích in 2016.• Cuireadh Tuarascálacha Deiridh Feidhmithe (FIRs) i leith an dá chlár faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar 27 Márta 2017. Cuireadh na hÉilimh Dheiridh i leith an dá chlár faoi bhráid ar 13 Márta 2017. Cuireadh an Tuarascáil Rialúcháin & Ráiteas Clabhsúir Dheiridh faoi bhráid an Choimisiúin ar 28 Márta 2017. Bhí an Bharúil Iniúchta a soláthraíodh sa Ráiteas Clabhsúir gan agús. |
| 2. A chinntiú go bhforbrófar struchtúir agus próisis éifeachtacha riaracháin lena n-éascófar feidhmiú Clár nua don tréimhse 2014-2020, de réir Chreataí Rialála an AE. | <ul style="list-style-type: none">• Tá Pleananna Luachála Cláir faofa don dá Chlár ag na Coistí Monatóireachta Cláir agus tá siad curtha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Tá na Pleananna Luachála le fáil chun amharc orthu ar shuíomh idirlín FCSAE.• Cuireadh Tuarascálacha Bliantúla Feidhmithe (AIR) don dá Chlár faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoin spriocdháta rialála 31 Bealtaine 2016.• Tionóladh Coiste Monatóireachta PEACE IV ar 2 Márta 2016 agus ar 22 Samhain 2016.• Tionóladh Coiste Monatóireachta INTERREG VA ar 29 Meitheamh 2016.• Tionóladh Comhchruinniú Urghnách de na Coistí Monatóireachta Cláir ar 7 Meán Fómhair 2016 |



| Cuspóirí Corparáideacha | Torthaí Tábhachtacha |
|---|---|
| <p>3. To provide guidance and support to projects so that they can access the Programmes and manage funding.</p> | <ul style="list-style-type: none"> • 12 ceardlann maidir le cuirí chun maoiniú a iarraidh do PEACE IV ar fud limistéar intofa an Chláir. • I rith 2016, bhainistigh FCSAE i gcónaí próiseas an Chéad Leibhéal Rialaithe do na comhpháirtithe as Tuaisceart Éireann atá ag na tionscadail Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha go léir. Tá FCSAE tar éis na príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leo chun seacht dtionscadal a chur ar aghaidh le comhpháirtí Tuaisceartach amháin ar a laghad le linn 2016. • Faoi dheireadh 2016, bhí FCSAE ag cur an chéad leibhéal rialaithe ar fáil d'iomlán de comhpháirtithe de chuid TÉ thar 20 tionscadal faoi na Cláir Interreg VB agus VC. |
| <p>4. Enhance business performance of the SEUPB and its staff through the implementation of effective and efficient administrative processes within a corporate governance framework designed to meet accountability requirements.</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Lainseáladh go hoifigiúil na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA araon ar 22 Eanáir 2016. • D'oibrigh FCSAE go dian i gcaitheamh 2016 chun a chinntiú gur baineadh amach éifeachtúlachtaí san áit oibre dá réir siúd atá leagtha amach ina Phlean Seachadta do Choigiltí na hÉifeachtúlachta agus go bhfuil siad ag comhlíonadh na sprice éifeachtúlachta 4% mar aon leis na spriocanna fócaíochta praise. • Leanadh le hobair i gcónaí i rith 2016 i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir laistigh den Chomhlacht agus de na Ranna atá mar Urraitheoirí aige chun ríomhchóras monatóireachta INTERACT a sheachadadh mar Shainchóras Chistí Struchtúrach FCSAE. Seachadadh an obair ar an gcóras de réir sprice i gcomhair an spriocdháta oibríochta i Márta 2017 i gcomhair na gClár PEACE agus INTERREG araon. Tá an Comhlacht ag leanúint le feidhmiú an tionscadail chun freastal anois ar roinnt riachtanas a bhaineann leis an eagraíocht go saineúil. • I dtéarmaí rátaí asláithreachta, ba é an Céatadán de Laethanta Oibre a Cailleadh as an Iomlán de Laethanta Oibre a bhí ar Fáil ná 2.21% i gcoinne sprice de níos lú ná 3%. Ba é an Meánlíon Laethanta a Cailleadh in aghaidh an Fhostaí ná 4.67 lá i gcoinne sprice de níos lú ná 6.5 lá. |



An Clár PEACE Forbhreathnú

Bunaíodh an Clár PEACE i 1995 agus is é Aontas na hEorpa a chruthaigh é mar fhreagairt ar na forbairtí dearfacha i bpróiseas na síochána i dTuaisceart Éireann i 1994. Oibrítear leis an gClár chun an dul ar aghaidh chuig sochaí shíochánta, chobhsaí i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in Éirinn a threisiú.

Ón am ar cuireadh tús le PEACE I i 1995 go dtí go gcuirfeadh clabhsúr le Clár PEACE IV in 2020, beidh an réigiún intofa tar éis tairbhíú ó bhreis is £2.2 billiún de mhaoiniú (£1.5 billiún ó AE agus £700m de rannchuidithe náisiúnta).

Tionscnamh uathúil trasteorann atá i gClár PEACE IV, arna chistiú ag an gciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach (ERDF) agus arna cheapadh chun tacú leis an tsíocháin agus an athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in Éirinn.

Tá dul chun cinn nach beag déanta sa réigiún ó síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste (1998) agus Comhaontú Chill Rímhinn (2006). Is rílér fós na deighiltí idir na pobail, áfach. Is beag an muinín atá acu as a chéile agus tá an-chuid scaradh cónaitheach agus sóisialta ann. Is minic a eascraíonn teannais idir an dá phobal agus polarú méadaithe as ceisteanna a bhaineann le léiriú na féiniúlachta.

Sa chomhthéacs seo tá an-riachtanas ann i gcónaí go mbeifí ag dul i ngleic le roinnt eochair-cheisteanna sa réigiún d'fhonn tacú leis an bpróiseas síochána i gcoitinne. Orthu seo tá tuilleadh iarrachtaí chun athmhuintearas a fhorbairt agus a threisiú idir pobail dheighilte; méadú ar an gcaoinfhulaingt agus ar an urramú chun na leibhéil seicteachais agus ciníochais a laghdú; comhtháthú méadaithe i measc na bpobal a chur chun cinn; tabhairt faoi leagáid an ama a chuaigh thart.

I gcomhréir le straitéis na hEorpa 2020 éilíonn an Coimisiún Eorpach go mbeidh Clár nua 2014-2020 go léir ag díriú ar raon cúng gníomhaíochtaí chun a chinntiú go mbíonn dóthain cistithe ar fáil chun athrú suntasach a chur i gcrích. Bíonn ar iarratasóirí rathúla torthaí agus aschuir inbhraite a léiriú agus a dtionscadail á seachadadh agus caithfidh siad seo bheith ailínithe le cuspóirí, torthaí agus aschuir foriomlána an Chláir.

Tá luach iomlán de tuairim is €270m ar an gClár nua PEACE IV, áirítear air seo rannchuidiú de €229m (85%) ón ERDF agus ciste comhoiriúnaithe de €41m (15%) arna rannchuidiú ag Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.

Tá ceithre eochair-chuspóir ag an gClár áit gur mian leis athrú suntasach, marthanach a dhéanamh i dtéarmaí 'Oideachas Comhroinnt'; 'Leanaí & Daoine Óga'; 'Spáis & Seirbhísí Comhroinnte; agus 'Caidrimh Dhearfacha a Thógáil'.

Insna staidéir cáis seo a leanas, breathnaítear siar ar chuid de na tionscadail tógála caipitil a lainseáladh go hoifigiúil in 2016 arna dtacú faoi PEACE III, mar aon le forbairtí faoin gClár nua PEACE IV do 2014-2020.



An taobh amuigh de thionscadal na nIarlaí atá arna chistiú ag PEACE III an AE le £7m, suite i nDún Geanainn.



Lainseáiltear an Tionscadal, ‘Iarlaí’ go hoifigiúil

Lainseáladh tionscadal nua arna cistiú ag PEACE III le £7m atá suite i nDún Geanainn i Márta 2016. Tugtar ‘Iarlaí’ air agus tá spás nua d’ócáidí trasphobail cruthaithe aige ag Cnoc Uí Néill, taobh le conair phobail a sníonn tríd an bhaile agus spás nua oifige ag Páirc an Iarnróid lena úsáid ag eagraíochtaí áitiúla pobail.

Comhairle Lár Uladh a sheachaid an tionscadal taobh le cuibhreas comhpháirtíochtaí áitiúla arna threorú ag Clár Cumhachtaithe Thír Eoghain Theas (STEP). Áirítear sa spás ócáidí nua áiseanna úrscothacha comhdhála agus túr amhairc ar Chnoc Uí Néill na staire.

Áirítear air chomh maith conair shiúlóide 6.9km lena nasctar le chéile eochair-spásanna áineasa ar fud an bhaile agus atá ceaptha chun leibhéil níos airde teagmhála agus comhtháthaithe trasphobail a spreagadh. Baineann líon áirithe grúpaí pobail áitiúla leas as an spás nua oifige ag Páirc an Iarnróid ar a dtugtar ‘Foirgneamh an Acomhail’ atá cruthaithe chomh maith faoin tionscadal, Inspire Mental Health agus Ionad Taighde Willowbank ina measc.



Clár PEACE III STAIÉIR CÁIS

An tAire Airgeadais, Mervyn Storey CTR, agus (ar dheis ón lár), an tAire Forbartha Sóisialta, an Tiarna Morrow CTR, i dteannta ionadaithe ón Apprentice Boys of Derry Association.



‘Músaem an Léigir’ arna chistiú ag an AE oscailte don phobal

Lainseáladh go hoifigiúil tionscadal nua arna chistiú ag PEACE III atá ceaptha chun cur le caighdeán agus fairsinge na gníomhaíochta trasphobail a thugann Printísigh Dhoire fúithi ar 11 Márta 2016.

‘Músaem an Léigir’ a thugtar air agus is éard ta sa tionscadal atá arna chistiú le £2.4 milliún ná ionad léirithe nua-aoiseach do chuireoirí atá nasctha leis an Halla Cuimhneacháin, athchóirithe le déanaí, ar Shráid an Chumainn, i nDoire.

San áireamh san ionad cuairteoirí a tógadh le déanaí, agus a bhfuil achar 5,000 troigh cearnach ann, tá líon déantúsán tábhachtach ón stair, ina measc claíomh

de chuid Adam Murray a bhain cáil amach le linn an léigir, caora gunna mhóir, urchair muscaeid agus boinn cuimhneacháin ar leasú na bPrintíseach i 1814. Is éard tá sa lárphiosa ar an urlár bairr ná dealbh den Urramach George Walker, Rialtóir na Cathrach le linn Léigear Mór 1689.

Cuirfear chun cinn leis an áis tuiscint níos fearr ar na tarlúintí as a d’eascair an Léigear agus soláthrófar freisin léargas ar stair agus traidisiúin Phrintíseach Dhoire. Thar cúpla bliain amach anseo bainfear amach leis an tionscadal raon de spriocanna uailmhianacha maidir le cuairteoirí bheith ag teacht ann ar a n-áireofar baill den phobal Protastúnach agus den phobal Caitliceach ar dhá thaobh na teorann.



An taobh amuigh de thionscadal Mhol Phobal Girdwood atá arna chistiú ag PEACE III an AE, suite i mBéal Feirste Thuaidh.



Na doirse oscailte ag tionscadal ‘Mol Phobal Girdwood’

Tá bunathrú iomlán déanta ar spás tréigthe ag croílár limistéir comhéadain i mBéal Feirste Thuaidh le £11.7 de chistiú ó PEACE III an AE. Bhí an suíomh tráth mar áitreabh ag beairic dhíchoimisiúnaithe de chuid an airm agus bhí sé le blianta fada mar chúlra le caismirtí seicteacha idir daoine óga den lucht cónaithe laistigh den limistéar.

Cruthaíodh Mol Phobal Girdwood chun cabhair a thabhairt lena rachfáí i ngleic leis na ceistanna seo agus an suíomh a thiontú ó bheith mar fhócas leis an gcoimhlint agus ina ionad sin fócas a dhéanamh as a gcruinneodh na pobail áitiúla i dteannta a chéile ann go síochánta.

Comhairle Cathrach Bhéal Feirste atá mar cheannpháirtí i gcomhair an tionscadail a osclaíodh go hoifigiúil faoi chomhair an phobail ar 15 Eanáir 2016. Ceapadh an áis mar spás sábháilte i gcomhair daoine as gach cúlra sóisialta agus áiríonn sí giomnásiam, spá, halla spóirt, rangsheimraí breisoideachais, spás tiomnaithe don óige, caifé agus seomraí ilchuspóra lena bhfrúiliú ag an bpobal.

Tá cuid mhór de Mhol Phobal Girdwood ar léas ag Coláiste Uirbeach Bhéal Feirste agus tairgeann sé sin raon de chúrsaí éagsúla oiliúna agus oideachais do dhaoine óga. Tá spás tiomnaithe i gcomhair daoine óga sa Mhol, ar a n-áirítear seirbhís buail isteach agus áiseanna eile i gcomhair fhorbairt na hóige.



Tacaíocht d'Íospartaigh agus Marthanóirí na Coinbhleachta

Tá tuairim is £13.4 milliún de chistiú AE tairgthe chun tacú le sláinte agus folláine íospartach agus marthanóirí na dtrioblóidí/ coinbhleachta ar bhonn trasteorann. Ba é seo an chéad uair a bronnadh cistiú faoi Chlár PEACE IV.

Tá an cistiú ina iomláine ceaptha chun tacú le suas go dtí 17,650 íospartach agus marthanóirí agus le daoine muinteartha acu. Seachadfar an cistiú trí Sheirbhís na nÍospartach agus na Marthanóirí (VSS) agus bainfidh daoine a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in Éirinn tairbhe as.

Ag tógáil dó ar an obair luachmhar a maoiníodh faoi chlár PEACE roimhe seo beidh an cistiú seo de chuid PEACE IV ceaptha chun tacaíochtaí sláinte agus folláine a sholáthar a bheidh ag freastal ar riachtanais chasta na n-íospartach agus na marthanóirí.

Bainfear leas as chomh maith chun tacú le híospartaigh agus marthanóirí atá ag gabháil le comhlachtaí nua agus comhlachtaí atá ann cheana féin a bhfuil iniúchtaí stairiúla agus insintí a bhaineann leis an gcoinbhleacht faoi chaibidil acu.





An Clár INTERREG Forbhreathnú

Ceapadh Clár INTERREG go sainiúil chun déileáil le fadhbanna a eascraíonn as teorainneacha a bheith ann. Féadann teorainneacha an fhorbairt gheilleagrach a laghdú, cur isteach ar bhainistiú éifeachtúil an chomhshaoil, bheith ina mbac ar an taisteal agus cur isteach ar sheachadadh seirbhísí riachtanacha sláinte agus cúraim sóisialta.

Beidh tuairim is €1.13 billiún tugtha don réigiún ag an gClár ón tráth a cuireadh tús le INTERREG IA in 1991 go dtí gur cuireadh clabhsúr le INTERREG VA in 2020. Sholáthair an tAontas Eorpach go díreach tuairim is €810 milliún as an bhfigiúr seo.

Tá Clár INTERREG ar cheann de bhreis is 60 clár ar fud an Aontais Eorpaigh a ceapadh go sainiúil chun déileáil le fadhbanna a eascraíonn as teorainneacha a bheith ann.

Ceapadh an Clár nua INTERREG VA chun leibhéil bhreisithe den chomhtháthú geilleagrach, sóisialta agus críochach a chur chun cinn ar fud Thuaisceart Éireann, Réigiún na Teorann in Éirinn agus Iarthar na hAlban.

Le cabhair ón gClár seo cruthófar réigiún trasteorann a bheidh níos rachmasaí, inmharthana agus léireofar leis na réimsí tosaíochta maidir leis an gComhar Críochach Eorpach, rannchuidiú leis an Straitéis Atlantach san áireamh.

Luach iomlán de tuairim is €283 milliún atá ar an gClár, áirítear air seo rannchuidiú ERDF de €240 milliún (85%) agus ciste comhoiriúnaithe de €43 milliún (15%) arna rannchuidiú ag Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.

Tá ceithre eochair-réimse tosaíochta ag INTERREG VA inar mhaith leis athrú suntasach marthanach a chur i gcrích, mar atá Taighde & Nuáil; an Comhshaoil; Iompar Inbhuanaithe agus Sláinte & Cúram Sóisialta.

Breathnaítear siar insna staidéir cáis seo a leanas ar chuid de na tionscadail tógála caipitil a lainseáladh go hoifigiúil in 2016, a bhí arna dtacú ag INTERREG IVA, mar aon le forbairtí faoin gClár nua INTERREG VA do 2014-2020.



Teach solais Chionn Fhánada i gContae Dhún na nGall a athchóiríodh mar chuid den tionscadal Tithe Solais Móra na hÉireann a mhaoinigh INTERREG IVA.



Oscailt Theach Solais Chionn Fhánada

14

Ag deireadh mhí Aibreáin 2016 osclaíodh go hoifigiúil Teach Solais Chionn Fhánada i gContae Dhún na nGall mar cheann scríbe nua ríspéisiúil do thurasóirí. Bhí an bunathrú seo ar Theach Solais Chionn Fhánada mar chuid den tionscadal nua trasteorann Tithe Solais Móra na hÉireann arna chistiú ag EU INTERREG IVA an AE, a bhí faoi cheannaireacht Choimisinéirí Soilse na hÉireann.

Tá an struchtúr a bhfuil airde 22m ann suite ag rinn thuaidh leithinse mórthaibhsí Cheann Fhánada agus vótáladh é mar cheann de na tithe solais is áille ar domhan.

Cuimsíodh sa tionscadal Tithe Solais Móra na hÉireann athchóiriú ar 12 teach solais éagsúla chun nithe nua gur díol spéise iad do thurasóirí a dhéanamh astu in áiteanna i dTuaisceart Éireann agus Éireann. Tairgtear raon seirbhísí i ngach aon teach solais díobh ó chóiríocht go hionaid cuairteoirí agus turais speisialaithe treoraithe.

Tá iostas féinfhreastail le fáil i dtithe a bhí mar áiteanna cónaithe ag coimeádaithe solais tráth ag súiomhanna i nDún na nGall agus Tuaisceart Éireann (An Cionn Dubh, Rinn Theach Eoin i gContae Dhún na nGall agus i gContae an Dúin, mar aon le Ceann Fhánada). Faoi tionscadal tá áiseanna ionaid cuairteoirí le fáil freisin ag an West Light Seabird Centre i Reachlainn



Tá tuairim is €16.6m den chistiú ón EU INTERREG VA tairgthe don Tionscadal Comhnuála.



Gnólachtaí á spreagadh chun ‘Comhnuáil’ a dhéanamh

Tá tuairim is €16.6m tairgthe chun cumas Taighde & Nuála breis is 1,400 FBManna a fhorbairt ar bhonn trasteorann tríd an tionscadal ‘Comhnuáil’. Ba é an tairgeadh ciste seo an chéad cheann a fógraíodh faoi Chlár INTERREG VA an AE ar 28 Samhain 2016.

Tar éis don tionscadal bheith críochnaithe méadófar leis an cion de FBManna agus micreaghnólachtaí atá gafa le comhoibriú trasteorann T&N laistigh de Thuaisceart Éireann, Iarthar na hAlban agus Réigiún na Teorann in Éirinn ó 22% go dtí 33%.

InterTradelreland a ghníomhóidh mar an ceannpháirtí don tionscadal, taobh le Scottish Enterprise, Highlands & Islands Enterprise agus na gníomhaireachtaí seachadta Enterprise Northern Ireland agus na hoifigí Áitiúla Fiontair atá lonnaithe laistigh de Réigiún na Teorann in Éirinn.

Agus cúig snáithe éagsúla ar leith ann, soláthrófar leis an tionscadal tacaíocht oideachais agus cumasaíochta a bheidh oiriúnaithe do riachtanais na FBManna agus na micreaghnólachtaí go léir a bheidh páirteach ann. Seachadfar leis 469 iniúchadh nuála leithleach chun tacú le forbairt táirgí agus próiseas nua agus tabharfar rochtain do FBManna agus micreaghnólachtaí leis ar 70 ‘intéirneach nuála’ chun cabhrú le gníomhaíocht bhreisithe T&N a chur i bhfeidhm.

Méadófar leis an tionscadal chomh maith an líon gnólachtaí atá páirteach go gníomhach i dtionscadail taighde trasteorann, trasnáisiúnta nó idir-réigiúnach.



Tá tuairim is €23.27m de chistiú ó of INTERREG VA tairgthe i gcomhair trí thionscadal nua féarbhealaigh trasteorann d'fhonn bealaigh taistil nua inmharthana a oscailt amach. harthana



Féarbhealach ar aghaidh sa taisteal trasteorann

Tá tuairim is €23.27 milliún de chistiú AE tairgthe i gcomhair trí thionscadal nua féarbhealaigh trasteorann d'fhonn bealaigh taistil nua inmharthana do rothaithe agus coisithe araon a oscailt amach.

Tá €14.86m tairgthe do 'Líonra Féarbhealach an Iarthuaiscirt' lena gcruthófar líonra de 46.5 km d'fhéarbhealaigh nua trí thrí bhealach leithleacha ar a bhféadfar taisteal ó: Doire-Londonderry trí Pennyburn go Bun Cranncha; ó Magh go Doire tríd An Chúil Mhór; agus ón Srath Bán go Leifear trí Dhroichead Leifir.

Tá €3.46m de chistiú AE tairgthe i gcomhair forbartha 'Féarbhealaigh Loch Cairlinn' lena gcruthófar 10.1 km d'fhéarbhealach nua trasteorann, ar a bhféadfar taisteal ó Chathair an Lúir i dTuaisceart Éireann go dtí Cairlinn in Éirinn.

Tá €4.95m de chistiú tairgthe chomh maith i gcomhair forbartha 'Féarbhealaigh Chanálacha Uladh (Céim 2)' lena gcuirfear ar cumas 22 km d'fhéarbhealach nua a chruthú idir Co. Mhuineacháin agus Co. Ard Mhacha.

Is é an cuspóir foriomlán atá le Clár INTERREG VA agus na tionscadail seo á dtacú ná líon na dturas trasteorann a dhéantar trí rotháiocht nó siúl a mhéadú de suas le 10% thar an réigiún faoi 2023.



Interreg VB Transnational VC Interregional Programmes



Cuireadh tús leis an gcéad glooch ar iarratais ó Chlár Limistéar an Atlantaigh ar 26 Aibreán 2016. Iarradh ar iarratasóirí léiriú suime a chur isteach roimh 31 Bealtaine 2016. Fuarthas iomlán de 425 léiriú suime agus bhí 412 díobh intofa ar mheasúnú. Tar éis an mheasúnaithe, tugadh faomhadh do 102 chun dul ar aghaidh agus lániarratas a chur faoi bhráid ar a n-áiríodh 5 arna dtreorú ag Tuaisceart Éireann agus 25 eile ina raibh Ceannpháirtí iontu ó Thuaisceart Éireann. Déanfar cinneadh maidir leis na hiarratais i mí Aibreáin 2017.

Osclaíodh an tríú gloo faoin gClár Eorpa Thiar Thuaidh (North West Europe Programme) le linn Aibreán agus Bealtaine 2016, agus tá an ceathrú gloo ar oscailt go dtí 30 Samhain 2016. Mar thoradh air sin, cuireadh ar aghaidh 10 iarratas a fuarthas faoin tríú glooch go dtí céim 2 agus fuarthas 66 iarratas chéim a haon faoin 4ú glooch.

Tionólfar Coiste Monatóireachta na gClár i lár mhí Mhárta 2017 chun cinntí a dhéanamh faoi na hiarratais go léir.

Cuireadh clabhsúr leis an gceathrú glooch ar iarratais faoi Chlár an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh ar 30 Samhain 2016. Mar thoradh air sin, cuireadh 35 iarratas ar aghaidh chun measúnaithe iomláin, sé cinn arna dtreorú ag Tuaisceart Éireann agus 7 gcinn eile ina raibh Cheannpháirtí iontu ó Thuaisceart Éireann. Déanfar cinneadh maidir leis na hiarratais go luath i mí Mhárta 2017.

Tionóladh Coiste Monatóireachta na gClár i mí Dheireadh Fómhair 2016 faoi Chlár INTERREG na hEorpa (VC) chun iarratais a mheas a fuarthas faoin dara glooch ar iarratais. Mar thoradh air sin, faomhadh tionscadal amháin a raibh comhpháirtí ó Thuaisceart Éireann ann chun maoinithe.

Lean FCSAE air ag tacú le forbairt tionscadal laistigh de Thuaisceart Éireann ag obair dóibh in éineacht le comhghleacaithe i dTionóil Réigiúnacha na hÉireann chun a chinntiú go bhforbraítear tionscadail a bhfuil comhpháirtíochtaí trasteorann ag gabháil leo áit is féidir. Áiríodh ar an gclár tacaíochtaí a thairg FCSAE seisiúin duine le duine i gcaitheamh na bliana le hiarratasóirí féideartha agus ceardlanna nó seimineáir eolais faoin gclár agus FCSAE agus Pointí Teagmhála Náisiúnta na RA agus na nuachtlitreacha ag scaipeadh eolais maidir leis na Clár.

Ó cuireadh tús leis na Clár in 2014, faomhadh iomlán de 19 tionscadal ar fad ina raibh ar a laghad comhpháirtí amháin as Tuaisceart Éireann gafa leo. I gcás dhá cheann déag de na tionscadail seo beidh comhpháirtí as Tuaisceart Éireann agus comhpháirtí as Éirinn ag obair i gcomhar lena chéile chun aghaidh a thabhairt ar chomhfhadhbanna agus tá breis is €4m leithdháilte ar chomhpháirtithe as Tuaisceart Éireann chun gníomhaíocht a chur i gcrích faoin gClár.



Béal Feirste curtha ar thús cadhnaíochta i réabhlóid na gcomaitéar ar rothair

Ar 24 Bealtaine 2016 d'fhógair an carthanas rothaíochta agus siúil Sustrans Thuaisceart Éireann go raibh an rath tar éis bheith air sa mhéid gur aimsigh siad bronnadh mór cistithe de €720,000 trí Chlár Iarthuaisceart Éireann.

Bainfear leas as an gcistiú chun tionscadal CHIPS a sheachadadh (Cycle Highways Innovation for Smarter People Transport and Spatial Planning) faoina mbeidh Béal Feirste ag comhoibriú le náisiúin ceannais rothaíochta – an Ísiltír agus an Bheilg, mar aon le Transport for London, an Ghearmáin agus Éire that trí bliana amach anseo.

Is éard a bheidh in eilimint Sustrans an tionscadail ná comhordú suirbhé ar fud na naoi gcomhpháirtí chun na baic a bhíonn roimh an gcomaitéireacht ar rothar a shainaithint. I mBéal Feirste díreofar leis an suirbhé seo ar dhaoine a úsáideann Comber Greenway dá gcomaitéireacht. Go sainiúil, oibreoidh Sustrans i gcomhar le fostóirí móra in aice le Comber Greenway chun daoine a spreagadh agus a thacú chun na rothaíochta. Comhroinnfear na cláir a bheidh forbartha ag Sustrans i mBéal Feirste agus feidhmeofar iad ar fud na hEorpa



Sa phictiúr tá Gina McIntyre POF ar an bhForas um Chláir Speisialta an AE (FCSAE) agus Stiúrthóir Sustrans Thuaisceart Éireann, Gordon Clarke agus iad ag fógairt tionscadail CHIPS (Cycle Highways Innovation for Smarter People Transport and Spatial Planning).

Sharing the Programmes in 2016

Comhchuart Airí ar Dhoire-Londonderry

Ar 16 Nollaig 2016 thug Máirtín Ó Muilleoir Aire Airgeadais sa bhFeidheannacht agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn, Paschal Donohoe cuairt ar roinnt tionscadal arna gcistiú ag PEACE agus INTERREG ar fud cathrach Doire-Londonderry.

Le linn na cuairte tugadh na hAirí ar thuras gearr ar dhroichead na Síochána a lainseáladh go hoifigiúil siar in 2011. Go gearr i ndiaidh an turais seo tugadh cuairt ar an gCroílár, a raibh sé de chúram air dhá thionscadal arna gcistiú ag PEACE III a bhí dírithe ar an óige, 'Teaching Divided Histories' agus 'Fab Lab'.

Fad a bhí sé i gcathair Dhoire bhuail an tAire Donohoe le hionadaithe ó CAWT (Co-operation and Working Together), eagraíocht atá tiomnaithe do thionscnaimh trasteorann sláinte agus cúraim shóisialta a éascú. Faoin dtréimhse dheireanach cláraithe bhí siad mar cheannpháirtí i roinnt tionscnamh sláinte lenar cuireadh feabhas ar chaighdeán na beatha do na deiceanna míle duine den lucht cónaithe ar dhá thaobh na teorann.

I gcomhair na coda deiridh den chuairt tugadh na hAirí ar thuras tríd an Catalyst Innovation Centre. Faoin tionscadal seo, arna chistiú ag INTERREG IVA, tógadh páirc eolaíochta 50,000 troigh cearnach mar áis ag Fort George agus tógadh síneadh de 20,000 troigh cearnach ar an áis CoLab ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Tá na háiseanna tógtha anois agus gníomhaíonn siad araon mar pháirc satailíte ag Catalyst Inc atá iomráiteach go hidirnáisiúnta, agus dá réir sin cuirtear le réim na heagraíochta taobh istigh de Zón Gnó an Iarthuaiscirt ar fad.



Le feiceáil ar an Droichead Síochána maoinithe ag SÍOCHÁIN AE III tá (c-d) an tAire Máirtín Ó Muilleoir, an POF ag FCSAE Gina McIntyre, Méara Dhoire agus Comhairle Dúiche an tSratha Báin an Bardasach Hilary McClintock agus an tAire Paschal Donohoe.

Cuairt Leas- bhuanionadaí na RA ag an AE

Ar 26 agus 27 Meán Fómhair 2016 iarradh ar FCSAE cuairt ghearr ar Thuaisceart Éireann ag Shan Morgan, Leas-Bhuanionadaí na RA ag an AE a óstáil. Bhí Shan Morgan mar ionadaí ag an RA ar Choiste Leasionadaithe na mBallstát ar an gComhairle ó 2012 go dtí 2016.

Tugadh bronntanas do Shan Morgan agus tugadh ar thuras faoi Mhol Pobail Girdwood, arna chistiú ag PEACE III, é, áis atá suite i limistéar comhéadain i mBéal Feirste Thuaidh. Tá Mol Pobail Girdwood arna thacú ag tuairim is £11.7m de chúnamh agus tá sé suite ar na 14 acra de Pháirc Girdwood, beairic airm roimhe seo atá díchoimisiúnaithe anois.

Teachtaireacht an chistithe a chur in iúl i gcaitheamh 2016 chomhordaigh FCSAE 12 ceardlann leithleach maidir le cuirí chun iarratais a chur isteach chun cabhrú le hiarratasóirí féideartha ar Chlár PEACE IV

Teachtaireacht an chistithe a chur in iúl

gcaitheamh 2016 chomhordaigh FCSAE 12 ceardlann leithleach maidir le cuirí chun iarratais a chur isteach chun cabhrú le hiarratasóirí féideartha ar Chlár PEACE IV an AE. Tionóladh na hócáidí seo ar bhonn trasteorann agus mheall siad chucu 868 duine ar fad.

Le linn a cuairte cuireadh Shan Morgan in aithne freisin d'ionadaithe ó Shankill Women's Centre. Fuair an t-ionad breis is £700,000 de chistiú faoin gClár PEACE

an AE. Tionóladh na hócáidí seo ar bhonn trasteorann agus mheall siad chucu 868 duine ar fad.

Reáchtáladh na hócáidí ó Feabhra 2016 go Meán Fómhair 2016 agus chuir siad ar fáil don lucht éisteachta go léir léargas cuimsitheach ar na torthaí agus na haschuir atá Clár PEACE IV ceaptha chun a bhaint amach.



Sa phictiúr (c-d) tá Betty Carlisle OBE ón Shankill Women's Centre, Gina McIntyre POF ag FCSAE, Shan Morgan Leas-bhuanionadaí na RA ag an AE mar aon le beirt pháistí áitiúla a bhaineann úsáid as an áis Small Wonders Childcare.

Ill chun eaglais thréigthe a bhunathrú chun bheith ina áis nua-aoiseach ata dírithe ar chúram leanaí. Le linn mhí Feabhra 2016 agus Márta 2016 tugadh cuireadh don FCSAE freisin chun páirt a ghlacadh i roinnt seimineár áitiúla maidir le heolas faoin mhaoiniú arna gcomhordú ag Diane Dodds MEP. Leis na hócáidí seo bhí deis ag an gComhlacht an maoiniú féideartha atá á thairiscint faoi PEACE IV agus INTERREG VA araon agus faoi na Cláir Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha a chur chun cinn.

Le linn 2016, d'oibrigh FCSAE freisin le Martina Anderson MEP ar roinnt seimineár breise maidir le maoiniú ón AE chun feacht ar na deiseanna maoinithe a scaipeadh a thuilleadh.

Droichead Síochána i nDoire arna chistiú ag PEACE III an AE.



Cuntais don Bhliain dar Chríoch

31 Nollaig 2016

Faisnéis Chúlra

Comhlacht Feidhmithe Thuaidh Theas is ea Foras um Chláir Speisialta an AE arna urrú ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Bunaíodh FCSAE ar 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus Comhaontú na Breataine-na hÉireann 1998 lenar bunaíodh comhlachtaí feidhmithe, agus atá arna thacú ag an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus ag an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999.

Tuairiscíonn FCSAE don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus is iad na príomhfheidhmeanna atá aige Cistí Struchtúracha áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail PEACE agus INTERREG, a riar agus, leis sin, tacaíocht a thabhairt do réimse clár forbartha agus athnuachana i dTuaisceart Éireann, i Réigiún na Teorann in Éirinn, agus in Iarthar na hAlban.

Ullmhaíodh na cuntais seo i gcomhréir leo seo a leanas:

- Na socruithe airgeadais atá i gCuid 7 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh Comhlachtaí Forfeidhmithe;
- Treoir ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar a fhoráiltear di i Meamram Airgeadais FCSAE; agus
- An Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léargas Gnó

Tá léargas ar ghníomhaíochtaí FCSAE agus ar fhorbairtí amach anseo le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil. Is é an tréimhse reatha Clár ná 2014-20, agus dá réir sin lainseáladh Clár PEACE IV agus INTERREG VA na RA/na hÉireann go hoifigiúil go luath in 2016.

Ioncam agus Caiteachas don bhliain

Tá ioncam agus caiteachas an Fhorais um Chláir Speisialta an AE mionsonraithe ar leathanach 32. Ba é €nialas (Stg £nialas) – 2015: €nialas (Stg £nialas) an barrachas don bhliain.

Tháinig laghdú suntasach ar an gcaiteachas ar chláir ó 2015 go 2016, mar thoradh ar uainiú na dtréimhsí clár (bhí na cláir roimhe seo curtha i gcrích nach mór faoi Nollaig 2015 ach ní raibh na cláir reatha ach ag céim measúnaithe na dtionscadal le linn 2016).

Sócmhainní Seasta

Tá sonraí faoi ghluaiseacht na sócmhainní seasta leagtha amach i Nóta 8 a ghabhann leis na cuntais.

Le linn na bliana, bhain an príomhchaiteachas ar shócmhainní seasta le cruia-earraí agus bogearraí TF.

Taighde agus Forbairt

Ní raibh caiteachas suntasach ar bith sa réimse seo.

Teagmhais Thábhachtacha a Tharla Tar éis Dheireadh na Bliana

Níor tharla teagmhas tábhachtach ar bith ó bhí deireadh na bliana ann a raibh tionchar aige ar na Cuntais seo.

Tabhartais Charthanachta

Ní dhearna an Foras um Chláir Speisialta an AE tabhartas carthanachta ar bith le linn na bliana airgeadais.

Comhaltaí Boird

The functions of the SEUPB are exercised by the Chief Executive. There are no board members.

Is í an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna FCSAE. Níl comhalta boird ar bith ann.

Níl stiúirthóireacht ná leas ar bith eile ag an bPríomhfheidhmeannach a bheadh ag teacht salach ar a cuid freagrachtaí bainistíochta.



Íocaíochtaí le Soláthraithe

Tá tiomantas ag an bhForas um Chláir Speisialta an AE maidir le billí a íoc go pras i ndáil le hearraí agus seirbhísí, de réir an Achta um Íoc Déanach i leith Fiach Tráchtála (Ús) 1998 sa Ríocht Aontaithe (Late Payment Of Commercial Debts (Interest) Act), arna leasú leis na Rialacháin um Íoc Déanach i leith Fiach Tráchtála 2013, agus de réir Rialacháin na hÉireann um Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála 2013. Mura bhfuil a mhalairt sonraithe sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite taobh istigh de 30 lá, de réir mar is cuí, ón lá a fhaightear na hearraí nó na seirbhísí, nó ón lá a chuirtear i láthair sonrasc bailí nó éileamh comhchosúil, cibé ceann acu is déanaí.

Tá riail um íocaíocht phras taobh istigh de 30 lá i bhfeidhm i ngach Oifig de chuid FCSAE, beag beann ar an dlínse as a dtagann an bille. In athbhreithnithe rialta a rinneadh lena thomhas cé chomh pras agus a d'íoc an Foras um Chláir Speisialta an AE a chuid billí, fuarthas amach gur íocadh 99.8% (2015 – 99.8%) de na billí de réir na sprice sin.

I mí na Nollag 2008, tugadh treoir do na Comhlachtaí Poiblí tacú le gnólachtaí trí gach iarracht a dhéanamh íocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe laistigh de 10 lá ón lá a fhaightear sonrasc bailí. I gcaitheamh 2016 d'íoc FCSAE 84% dá chuid sonrasc laistigh de 10 lá (2015: 88%).

Tá Téarmaí agus Coinníollacha leagtha síos ag FCSAE leis na Ranna Cuntasacha maidir le Deontais a íoc, ionas go ndéanfar íocaíochtaí le tionscadaí tríd an Aonad Láraithe Íocaíochtaí. Fágann sin go mbíonn ar FCSAE íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadaí laistigh de 8 lá oibre ón tráth a fhaightear éileamh bailí. Baineadh an sprioc sin amach i gcás 94.79% (2015 – 99.42%) de na híocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana, agus seo a leanas anailís orthu

| | Líon na Sonras | % De réir sprice | Íocaíochtaí Déanacha |
|--------------|----------------|------------------|----------------------|
| PEACE III | 19 | 94.74% | 1 |
| INTERREG IVA | 77 | 94.81% | 4 |
| Iomlán | 96 | 94.79% | 5 |

An Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Tá Beartas Sláinte agus Sábháilteachta scríofa ullmhaithe ag FCSAE agus tá sé scaipthe ar gach ball foirne. Tá an beartas ag teacht leis na riachtanais nach mór a chomhlíonadh faoin dlí maidir le sláinte agus sábháilteacht sa dá dhlínse sa dóigh is gur féidir le FCSAE ardchaighdeán sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach san eagraíocht.

Fostaithe atá faoi Mhíchumas

Is léiriú é Plean Gníomhaíochta um Míchumas FCSAE ar an tiomantas atá ag an eagraíocht a cuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh de réir Alt 49A den Acht in aghaidh Idirdealú ar bhonn Míchumais 1995 (Disability Discrimination Act).

Tá bearta sa phlean a chuirfidh FCSAE i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfear amach comhionannas deiseanna, ní amháin dá chuid fostaithe féin, ach freisin i gcás iarratasóirí agus fostaithe sa todhchaí. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an bplean gach trí bliana de réir thráthchlár Pleanála Corparáidí FCSAE.

Tá tiomantas ag FCSAE maidir le bheith ag caitheamh le gach ball foirne agus le gach iarratasóir ar fhostaíocht atá faoi mhíchumas le dínit agus le meas, agus soláthróidh sé timpeallacht oibre atá saor ó idirdhealú mídhleathach, ó íospairt agus ó chiapadh ar bhonn míchumais.



Go sonrach, tá sé ina aidhm ag FCSAE:

- Timpeallacht dhearfach oibre a chothú ina nglactar go furasta le daoine atá faoi mhíchumas;
- An timpeallacht oibre agus na cleachtais oibre a scrúdú lena chinntiú go mbainfear constaicí, nuair is féidir, lena gcuirtear isteach ar chumas na mball foirne sin atá faoi mhíchumas a bheith lánpháirteach sa saol in FCSAE;
- Timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil;
- A chinntiú go ndéanfar forbairt ar scileanna agus mianach na mball foirne sin atá faoi mhíchumas, trí oiliúint agus trí fhorbairt foirne; agus
- Rochtain a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas ar réimse iomlán na ndeiseanna earcaíochta agus forbartha gairme atá ar fáil.

Clúdaíonn an Plean reatha Gníomhaíochta um Míchumas an tréimhse 2017-2019. Tá an plean ailínithe leis na tiomantais straitéiseacha i leith ceisteanna maidir le míchumas a áiríodh in ár bPlean Corparáideach 3 bliana 2017-2019.

Páirtíocht na bhFostaithe

Coinníodh fostaithe ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú trí bhealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear cruinnithe foirne, grúpaí oibre foirne ad hoc, agus imeachtaí struchtúraithe pleanála corparáidí a bhíonn ar siúl go bliantúil. Déantar cur in iúl na mbeartas foirne go léir a bhainistiú trí thairseach ar líne, rud a chinntíonn go mbeidh fáil ar an bhfaisnéis agus go mbeidh sí cothrom le dáta.

GINA MCINTYRE

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
13 Meitheamh 2017



Ráiteas maidir le Freagrachtaí

Tá treoir tugtha ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do FCSAE ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliana dar chríoch an 31 Nollaig san fhormáid agus ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir chuntas atá san aguisín leis na ráitis airgeadais seo. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhráithe agus ní mór go dtabharfaí léargas fíorcheart iontu ar chúrsaí FCSAE ag deireadh na bliana, ar a chuid ioncaim agus caiteachais, ar na gnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta, agus ar an sreabhadh airgid don bhliain féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú, ní mór do FCSAE an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cloí leis an treoir chuntas arna heisiúint ag na Ranna Coimircíochta, na riachtanais ábhartha chuntasaíochta agus nochta san áireamh, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnacha a dhéanamh;
- A shonrú cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe nó nár cloíodh leo, agus difríocht ábhartha ar bith sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh FCSAE ag feidhmiú.

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh ina cáil mar Oifigeach Cuntasaíochta do FCSAE, lena n-áirítear an fhreagracht as cuibheas agus rialtacht cistí poiblí agus as taifid chearta a choinneáil, leagtha amach sa Mheamram Airgeadais.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon feidhme na freagrachta

Tá sé mar fhreagracht ormsa, i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, córas slán rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun lena gcuidítear le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí FCSAE a bhaint amach agus, san am céanna, cistí poiblí agus sócmhainní FCSAE a chosaint – sócmhainní a bhfuil freagracht phearsanta orm ina leith – de réir na bhfreagrachtaí a shanntar dom in *Managing Public Money Northern Ireland* agus sna Gnáthaimh Airgeadais Phoiblí (treoir do Ranna agus Oifigí Rialtais na hÉireann).

Tá cur síos sonrath sa Mheamram Airgeadais idir FCSAE agus a Ranna Coimircíochta ar fhreagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta (an Príomhfheidhmeannach), laistigh de chreat airgeadais agus gnó. Ní mór do FCSAE feidhmiú de réir na gcaighdeán agus na teorach ar ghnáthaimh chuntasaíochta agus airgeadais, mar atá leagtha amach sa lámhleabhar *Managing Public Money (NI)* agus i nGnáthaimh Airgeadais Phoiblí na hÉireann.

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

The system of internal control is designed to manage risk to a tolerable level rather than to eliminate all risk of failure to achieve policies, aims and objectives. It can therefore only provide reasonable and not absolute assurance of effectiveness.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun bainistiú réasúnta a dhéanamh ar rioscaí, agus níl sé de chuspóir leis an gcóras sin díothú iomlán a dhéanamh ar an mbaol go dteipfidh orainn ár mbeartais, ár n-aidhmeanna agus ár gcuspóirí a



bhaint amach. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnach éifeachtachta a thabhairt faoin gcóras, agus ní dearbhú iomlán.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá dírithe ar rioscaí i leith feidhmiú beartas agus baint amach aidhmeanna agus cuspóirí FCSAE a aithint agus iad a chur in ord tosaíochta. Measann FCSAE an dóchúlacht go dtarlóidh na rudaí atá luaite sna rioscaí sin mar aon lena dtionchar dá dtarlóidís, agus cinneann sé na

bearta is gá chun iad a bhainistiú go héifeachtúil, go héifeachtach agus go tíosach. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm in FCSAE le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2015 agus go dtí dáta ceadaithe na tuarascála bliantúla agus na gcuntas, agus cuireadh i bhfeidhm é de réir threoir na Roinne Airgeadais.

An acmhainn maidir le rioscaí a láimhseáil

Tá gnáthaimh chúí curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go bhfuil dearcadh FCSAE ó thaobh rioscaí aitheanta agam i leith na bpríomhchatagóirí lena gcuimsítear na rioscaí a aithníodh in FCSAE. Tá straitéis rialaithe cinnte agam i leith gach ceann de na rioscaí suntasacha. Mar thoradh air sin, tá rioscaí sannta do na baill foirne chúí agus tá dearcadh FCSAE i leith rioscaí agus gnóthú a chuid cuspóirí leagtha amach aige.

Chinntigh mé go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm lena dhearbhu go ndéantar athbhreithniú agus tuairisciú rialta ar ghnéithe den bhainistíocht riosca agus den rialú inmheánach. Tá measúnú iomlán rioscaí agus rialaithe déanta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015. Tá an bhainistíocht rioscaí fite go hiomlán sa phróiseas pleanála corparáidí agus sa phróiseas cinnteoireachta atá ag FCSAE. Ní mór don fhoireann bhainistíochta tuairiscí rialta a thabhairt dom maidir leis na príomhrioscaí atá sainaitheanta a d'fhéadfadh cur isteach ar a réimse oibre féin. Faighim tuairiscí tréimhsiúla faoi rialú inmheánach. Tá na céimeanna

cuí á nglacadh chun rioscaí a bhainistiú i réimsí suntasacha freagrachta agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn sna príomhthionscadail.

An creat rioscaí agus rialaithe

I gcaitheamh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016, rinne FSCAE an méid seo a leanas:

- Rinne sé athbhreithniú ar Dhearcadh na hEagraíochta ó thaobh Rioscaí agus chuir sé in iúl é;
- Rinne sé athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar thaifead na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag an eagraíocht;
- Chuir sé i bhfeidhm córas príomhtháscairí feidhmíochta agus rioscaí;
- Choinnigh sé ar bun Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí i gcomhréir leis an dea-chleachtas;
- Choinnigh sé clár rioscaí a bhaineann leis an eagraíocht ina hiomláine; agus
- Rinne sé socruithe ionas go dtabharfadh Stiúrthóirí agus Bainisteoirí FSCAE tuairisc ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh.

Faoi dheireadh na bliana, chuimsigh an Clár Rioscaí Corparáideacha rioscaí maidir le sásanna cistithe Clár, bunachar sonraí a fhorbairt, faomhadh don Phlean Gnó, creata do sheachadadh Clár, agus tionchar imeacht na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Nótáladh i Ráiteas 2015 faoin Rialú Inmheánach go raibh moilleanna i bhfeidhmiú bunachair sonraí nua i gcomhair caiteachais ar chlár. Bhí an tionscadal seo á bhainistiú ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann. Cuireadh deireadh leis an gconradh leis an bhforbróir le linn 2016, agus go déanach in 2016 ghlac FCSAE chuige féin bunachar sonraí foinse-oscailte a bhí ann cheana a forbraíodh go sainiúil lena úsáid i gClár INTERREG an AE. Cheap FCSAE forbróir chun go gcumrófaí agus go n-oiriúnófaí roinnt eilimintí den bhunachar sonraí. Tá an bunachar sonraí i bhfeidhm i gcomhair Clár PEACE IV agus Clár INTERREG VA araon.



Agus na cuntais seo á síniú, tá Pleananna Gnó 2017 do na Comhlachtaí Thuaidh/Theas go léir fós le faomhadh ag an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas (An Aireacht). San idirlinn, tá socrú teagmhasach curtha ar bun i dTuaisceart Éireann, lena féidir deontais a íoc i gcónaí go dtí deireadh 2017. Déanfar caiteachas rialta den chaiteachas seo go cúlghabhálach nuair a bheidh an Plean faofa ag an Aireacht.

In Éirinn, tá an deontas faofa cheana féin trí phróiseas na ‘meastachán’, agus ní theastaíonn socrú teagmhasach ar bith. Níl aon riosca suntasach ann mar sin i leith gnóthais leantaigh.

Reifreann na RA ar bhallraíocht san AE

De bharr thoradh an Reifrinn chun an AE a fhágáil tháinig leibhéal ard éiginnteachta ar FCSAE maidir le todhchaí na gclár PEACE agus INTERREG. D’aithin FCSAE, agus a Ranna Urraíochta in éineacht leis, an tábhacht a bhain leis na roghanna a iniúchadh d’fhonn caiteachas ar chlár a uasmhéadú, go háirithe sa tréimhse lena raibh an RA fós ina ball den AE. Ag an am sin, gan ráthaíocht ó Státhiste na Banríona, d’oibrigh FCSAE agus an dá Roinn Urraíochta trí mheán roghanna éagsúla de réir mar a bhí an comhshaol ag éabhlóidiú, agus iad ag iarraidh an tréimhse i gcomhair feidhmithe tionscadal a uasmhéadú roimh 2018. Iniúchadh creata ama measúnaithe mar aon le roghanna don chistiú, ag cinntiú ag an am céanna go gcoimeádfaí stóinseacht agus ionracas an phróisis mheasúnaithe. Bhí FCSAE, agus na Ranna Urraíochta in éineacht leis, réamhghníomhach agus rinne siad roinnt beart chun freagairt ar an gcás de réir mar a bhí sé ag éabhlóidiú, ina measc:

- Oibriú go dlúth i gcomhairle leis na ranna rialtais chúil chun na bearta riachtanacha go léir a mhachnamh chun measúnú tionscadal a bhrostú agus tiomantas tráthúil cistithe a chinntiú. Dá bharr seo dheonaigh an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann údarás tarmiligthe do ranna TÉ de £5milliún i leith na gclár. Leis an bhforbairt

shuntasach seo ní raibh ar ranna a thuilleadh faomhadh soláthair a lorg ón RA i gcás tionscadal a bhí faoi bhun na teorann tarmiligthe seo. Chuaigh an t-athrú suntasach seo ar nósanna imeachta measúnaithe na ranna i gcion go díreach ar an bpróiseas measúnaithe trí laghdú a dhéanamh ar an tréimhse a theastaíonn ó ranna chun iarratais ar chistiú a mhachnamh.

- Le linn próisis na gcuirí oscailte don dá chlár i mí Lúnasa 2016, d’atheisigh FCSAE foirm iarratais na dara céime mar aon leis an treoir ghaolmhar chun cabhrú le laghdú a dhéanamh ar an líon ceisteanna/soiléirithe a bhí á n-ardú leis na hiarratasóirí agus chun cur sa tslí sin le próiseas níos éifeachtúla measúnaithe.

Thángthas ar chomhaontú go déanach i mí Dheireadh Fómhair maidir leis an mbonn ar a bhféadfaí Litreacha Tairisceana a eisiúint. Dheimhnigh Aire Airgeadais na Feidhmeannachta, Máirtín Ó Muilleoir, agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn, Paschal Donohoe, i mí Dheireadh Fómhair go bhféadfaí Litreacha Tairisceana do thionscadail a bhí faofa faoi na clár PEACE agus INTERREG VA a eisiúint. Tá na hAíre agus na hoifigigh sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis oibriú go dlúth le chéile chun a chinntiú go gcuirfear na Clár seo i gcrích go rathúil agus ina n-iomláine (táthar ag súil gur faoi 31 Nollaig 2023 a tharlóidh sé sin).

Dearbhú maidir le Faisnéis

Aithním an fhreagracht atá orm gach faisnéis a láimhseáil go cruinn agus go slán, agus í a ghabháil agus a phróiseáil go cruinn, go háirithe sa chás ina bhféadfadh tríú páirtithe a bheith á húsáid nó ina bhféadfadh codanna eile den rialtas a bheith ag brath uirthi. Tá na gníomhartha seo a leanas déanta d’fhonn an fhreagracht sin a chomhlíonadh go héifeachtach:

- Ceapadh Ceannaire na Seirbhísí Corparáideacha mar Oifigeach Sinsearach FCSAE um Riosca



Faisnéise. Tá dearbhú faighte ag an Oifigeach sin ó bhainisteoirí, a bhfuil ceisteanna faisnéise curtha san áireamh acu ina gcuid clár rioscaí féin, a ndéantar tuairisciú orthu ar bhonn míosúil. I gcás nach mbeidh duine ar bith ag fónamh mar Oifigeach Sinsearach FSCAE um Riosca Faisnéise, is ar an bPríomhfheidhmeanach a thitfidh cúraimí an ról.

- Tá Oifigeach Faisnéise ceaptha chun cúnamh a thabhairt maidir le Beartais Faisnéise FCSAE a chur i bhfeidhm go leanúnach agus tá iniúchadh faisnéise curtha i gcrích, ina ndearna an fhoireann ar fad measúnú ar réimsí coiteanna an deachleachtais, na rioscaí agus na bhfeabhsuithe atá de dhíth.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim freagrach freisin as éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú.

Bíonn m'athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus ar obair na mbainisteoirí in FCSAE a bhfuil forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh faoina gcúram. Tá na ráitis a rinne na hiniúcháirí seachtracha ina dtuarascáil dóibh siúd a bhfuil rialú agus tuairiscí eile mar fhreagracht orthu ina gcuid shuntasach den athbhreithniú chomh maith. Chuir an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí comhairle orm maidir leis na himpleachtaí atá ag torthaí an athbhreithnithe a rinne mé.

Tá Comhaontú Seirbhíse ag FCSAE le hIniúcháir Inmheánach na Roinne Airgeadais (RA) , a bhíonn ag obair de réir na gcaighdeán atá leagtha síos i gCaighdeán Iniúcháireachta Inmheánaí an Rialtais. Faightear tuairiscí tráthrialta, lena n-áirítear tuairim neamhspleách Cheann na hIniúcháireachta Inmheánaí maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh FCSAE, mar aon le moltaí lena fheabhsú. Deonaíodh leibhéal

dearbhairthe bliantúil 'sásúil' foriomlán i gcomhair na bliana 2016. I gcás gach ceann de na hiniúchtaí aonair a rinneadh in 2016, bhí toradh 'sásúil' ar a laghad luaite leis an leibhéal dearbhairthe. Is iad seo a leanas na réimsí arna gclúdach ag na hiniúchtaí inmheánacha: Bainistíocht Moltaí na hIniúcháireachta, agus Bainistíocht Riosca.

Faoi alt 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle, tá Údarás Iniúcháireachta sannta ag na Ballstáit chun freagracht a ghlacadh as a dheimhniú go bhfuil an córais rialaithe bainistíochta á bhfeidhmiú go héifeachtach do PEACE III agus INTERREG VA. Tá foireann sa RA i dTuaisceart Éireann sannta leis an ról sin a chomhlíonadh, agus tá an fhoireann sin cuntasach go díreach don Choimisiún Eorpach. Tá sainfhreagracht bhreise ar an Údarás Iniúcháireachta ina leith seo a leanas:

- Iniúchadh a dhéanamh ar oibríochtaí bunaithe ar shampla cúí d'fhonn an caiteachas a shonraítear a dheimhniú;
- Plean iniúcháireachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin;
- Tuarascálacha Bliantúla Rialaithe agus Tuairimí Iniúcháireachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Cuirtear na tuarascálacha sin ar fáil do FCSAE, do na Ranna Urraíochta, agus don Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí.

Ina theannta sin, tá an tÚdarás Iniúcháireachta freagrach as an iniúchadh i gcomhair clabhsúr a chur leis na Cláir PEACE III agus INTERREG IVA. Cuireadh an obair seo i gcrích i mí Mhárta 2017, agus tháinig tuairim iniúchta neamhcháilithe aisti.

In 2016, tionóladh cruinniú de Choiste Iniúcháireachta & Riosca FCSAE ceithre uaire agus mhachnadh siad raon ceisteanna ar a n-áirítear na córais rialaithe inmheánaigh atá ar bun sa FCSAE. I gcaitheamh 2016, bhí cathaoirleach neamhspleách agus comhalta neamhspleách amháin eile ina gcomhaltaí gníomhacha den Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí.



Is iad seo a leanas na daoine a bhí ina gcomhaltaí den Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí le linn na bliana:

| | |
|----------------------------|-------------------------|
| Cathaoirleach Neamhspleách | BrendanMullan |
| Comhalta Neamhspleách | Joe Campbell |
| Ionadaí na RA | Frank Duffy |
| Ionadaí na RCPA | Gearoid O’Keeffe |

Ceapadh comhalta neamhspleách amháin eile, Derek Staveley, ar an gCoiste go déanach in 2016, agus bhí sé i láthair ag cruinniú den Choiste don chéad uair i mí Feabhra 2017. Measfar gur ‘comhaltaí gan vóta’ iad Ionadaithe na Ranna ó 2017 amach.

Tá freagrachtaí an Choiste ina n-iomláine leagtha amach sna Téarmaí Tagartha atá aige, agus áirítear leo comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta faoin méid seo a leanas:

- Na próisis straitéiseacha maidir le rioscaí, rialú agus rialachas;
- Na cuntais, na beartais chuntasaíochta agus an Tuarascáil Bhliantúil;
- Gníomhaíochtaí atá beartaithe maidir le hiniúchadh inmheánach agus seachtrach; agus
- Dearbhuithe maidir le rialachas agus bainistiú na gClár AE.

D’fhonn cuidiú leo na freagrachtaí sin a chomhlíonadh, tagann an Coiste le chéile lena éifeachtacht féin a athbhreithniú agus faigheann na comhaltaí ar fad na miontuairiscí ó chruinnithe tábhachtacha na foirne ardbhainistíochta chomh maith.

Ina theannta sin, ullmhaíonn an Coiste Tuarascáil Bhliantúil ina ndéantar achoimre ar a ghníomhaíocht i rith na bliana, agus measann sé gur sásúil é an rialú rioscaí agus an rialachas in FCSAE.

Oibríonn FCSAE i gcónaí laistigh de théarmaí a Mheamraim Airgeadais (2006). Tá aonaid rialaithe insna riaracháin sa dá dhlíne ag obair i gcónaí chun Meamram Airgeadais a bheith cothrom le dáta a sholáthar do na Comhlachtaí Thuaidh/Theas go léir.

Tá FSCAE tiomanta do chalaois a chosc agus cultúr frithchalaioise a chur chun cinn. Níl aon ghlacadh ag an eagraíocht le calaiois agus éilítear ar an bhfoireann, ar na Ceannpháirtithe, agus ar na tairbhíthe deiridh a bheith ag gníomhú go macánta agus go hionraic i gcónaí, agus tuairisc a thabhairt ar gach amhras réasúnach faoi chalaiois. Déanfaidh FSCAE imscrúdú ar gach uile chás ina ndéantar calaiois, idir chalaiois iarbhír, iarracht ar chalaiois, agus chalaiois amhrasta, agus déanfaidh sé iarracht cistí agus sócmhainní a cailleadh trí chalaiois a fháil ar ais. Tá béim shoiléir á cur ag FSCAE ar chosc a chur ar chalaiois agus tá tús curtha aige le sraith cleachtaí chun cultúr frithchalaioise a chur chun cinn sna Cláir.

Tá an Fheasacht ar an gCalaois ina cuid den Chlár Oiliúna ag FCSAE atá á sheachadadh do thairbhíthe Cláir agus foireann FCSAE in 2017. Atheisíodh beartas frithchalaioise agus sceithireachta chuig baill foirne in 2016 agus foilseofar é ar shuíomh idirlín nua FCSAE taobh le treoir shoiléir agus comhairle chun cultúr frithchalaioise a chur chun cinn laistigh de na cláir. Bainfidh FCSAE leas chomh maith as an uirlis mianadóireachta sonraí ARACHNE mar chuid dá shraith beart frithchalaioise.

Áit is cuí, mar fhreagairt ar nithe tromchúiseacha, tarraingeoidh FCSAE siar tairiscintí cistithe agus eiseoidh sé orduithe athghabhála do na Ceannpháirtithe, agus cuirfidh sé na húdaráis chuí ar an eolas de réir mar a bheidh gá leis sin.

GINA MCINTYRE
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
13 Meitheamh 2017



Deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste Chuig Tionól Thuaisceart Éireann agus chuig Tithe an Oireachtais

Deimhnímid go bhfuil iniúchadh déanta againn ar chuntais an Fhorais um Chláir Speisialta an AE (an Foras) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus de bhun an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 lena gceanglaítear orainn na cuntais a chuireann an Foras faoinár mbráid a iniúchadh agus a dheimhniú ar bhonn comhoibriúch. Cuimsítear leis na cuntais an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Iomlána Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus na nótaí agus an t-aguisín a ghabhann leo. Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu.

Freagrachtaí an Fhorais, an Phríomhfheidhmeannaigh agus na nIniúcháirí faoi seach

Mar atá mínte ar bhonn níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí, tá an Foras freagrach as na cuntais a ullmhú ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir chuntas atá san aguisín leis na cuntais seo. Ina cáil mar Oifigeach Cuntasach, is í an Príomhfheidhmeannach atá freagrach as cuibheas agus rialtacht a áirithiú maidir le húsáid cistí poiblí. Is é an fhreagracht atá orainne na cuntais a iniúchadh agus a dheimhniú de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999. Rinne muid ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). De réir na gcaighdeán sin, éilítear orainne agus ar ár mbaill foirne déanamh de réir Chaighdeán Eitice na Comhairle um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Raon feidhme an iniúchta ar na cuntais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna cuntais atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnach

a thabhairt go bhfuil na cuntais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó de bharr earráide é. Áirítear leis sin measúnú ar an méid seo a

leanas: cé acu an amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí d'imthosca an Fhorais agus go bhfuil siad curtha i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach agus nochtta go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta atá déanta ag an bhForas; agus cur i láthair foriomlán na gcuntas. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus an fhaisnéis neamhairgeadais ar fad atá san Athbhreithniú Bliantúil ar Ghníomhaíochtaí agus sa Réamhrá chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shaináithint, agus chun aon fhaisnéis a shaináithint a dhealraíonn a bheith mícheart go hábhartha ar bhonn na faisnéise a fhaighimid agus ár n-iniúchadh á dhéanamh againn, nó a bheith ar neamhréir léi ar bhonn ábhartha. Má thagann sé chun feasa dúinn go ndéalraíonn sé go bhfuil míráiteas nó neamhréir ábhartha ar bith iontu, breathnaímid ar na himpleachtaí a bheidh aige sin maidir leis an deimhniú uainn.

Ceanglaítear orainn fianaise leordhóthanach a fháil chun dearbhú réasúnach a thabhairt gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam atá tuairiscithe sna cuntais i bhfeidhm de réir na gcuspóirí a bhí ceaptha ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairim ar Rialtacht

Is é ár dtuairim é gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam a bhfuil taifead orthu sna cuntais i bhfeidhm maidir le gach gné ábhartha de réir na gcuspóirí a bhí ceaptha ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais a bhfuil taifead déanta orthu sna cuntais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.



Tuairim ar na cuntais

Is é ár dtuairim:

- gur ullmhaíodh na cuntais i gceart de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/ Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus de réir na dtreoracha a eisíodh faoin Ordú agus faoin Acht sin; agus
- go dtugtar léargas fíorcheart sna cuntais, ag teacht leis na treoracha sin faoi chuntais, ar ghnóthaí an Fhorais amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a bharrachas, ar a ghnóthachain agus cailiteanais iomlána aitheanta agus ar a shreabhadh airgid don bhliain dar chríoch ar an dáta sin.

Tuairim ar chúrsaí eile

Is é ár dtuairim é go bhfuil an fhaisnéis sa Réamhrá don bhliain airgeadais a bhfuil na cuntais ullmhaithe faoina coinne ag teacht leis na cuntais.

Kieran J Donnelly

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
i gcomhair Thuaisceart Éireann
Oifig Iniúcháireachta Thuaisceart Éireann
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste BT7 1EU

14 Meitheamh 2017

Cúrsaí a ndéanaimid tuairisc orthu ar bhonn eisceachtaí

Déanaimid tuairisc ar bhonn eisceachtaí sa chás:

- nár coinníodh taifid leordhóthanacha chuntasaíochta; nó
- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta; nó
- nach bhfuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá de dhíth orainn dár n-iniúchadh; nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá san Athbhreithniú Bliantúil ar Ghníomhaíochtaí ag teacht leis na cuntais a ghabhann leis; nó
- nach bhfuil an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach ag teacht leis an treoir is infheidhme ar rialachas corparáideach.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu ar bhonn eisceachtaí.

Seamus Mc Carthy

Ardreachtair Cuntas agus Ciste na hÉireann
3A Sráid an Mhéara
Duga Spencer Sráid
Baile Átha Cliath 1
Éire

16 Meitheamh 2017




Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

| IONCAM | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 | 2016 £'000 | 2015 £'000 |
|---|--------------|-----------------------------|---------------|-----------------------------|---------------|
| Deontas ó Ranna (Riarachán) | 2 | 2,185 | 2,511 | 1,787 | 1,822 |
| Ioncam Oibriúcháin Eile | 4 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Scaoileadh an Deontais Caipitil | 14 | 140 | 136 | 114 | 99 |
| Glanchistiú larchurtha faoi choinne Pinsean | 12(c) | 1,018 | 973 | 832 | 706 |
| <i>AN LÁRIONAD ÍOCAÍOCHTAÍ</i> | | | | | |
| Deontas Faighte ó ranna Cuntasachta (Cláir) | 3 | 536 | 26,259 | 438 | 19,056 |
| <i>AN COIMISIÚN EORPACH</i> | | | | | |
| Éilimh is Infhaighte ó AE | 3 | 2,428 | 64,841 | 1,986 | 47,054 |
| IONCAM IOMLÁN | | 6,308 | 94,721 | 5,158 | 68,738 |
| CAITEACHAS | | | | | |
| Dímheas | 8 | (140) | (136) | (114) | (99) |
| Costais Foirne | 5 | (2,476) | (2,689) | (2,024) | (1,951) |
| Costais Oibriúcháin Eile | 7 | (727) | (795) | (595) | (577) |
| Ús is iníoctha leis an Roinn Airgeadais | 3 | (1) | (1) | (1) | (1) |
| <i>AN LÁRAONAD ÍOCAÍOCHTAÍ</i> | | | | | |
| Íocaíochtaí a Rinneadh le Tionscadail | 3 | (2,964) | (91,100) | (2,424) | (66,110) |
| CAITEACHAS IOMLÁN | | (6,308) | (94,721) | (5,158) | (68,738) |
| Barrachas don bhliain aistrithe chuig an gCúlchiste Ginearálta | | - | - | - | - |

Baineann na méideanna uile thuas le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 36 go 61 agus an t-aguisín ar leathanach 62.



Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Iomlána Aitheanta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016


| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 | 2016 £'000 | 2015 £'000 |
|--|-------|----------------|---------------|----------------|---------------|
| Barrachas don bhliain | | - | - | - | - |
| Gnóthachain ó thaithí maidir le dliteanais na scéime pinsin agus éifeacht an ráta malairte san áireamh | 12(d) | (1,358) | 143 | (1,110) | 104 |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana a bhaineann le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | 12(b) | (4,209) | 1,774 | (3,442) | 1,287 |
| Gnóthachain/(cailteanais) achtúireacha | 12(b) | (5,567) | 1,917 | (4,552) | 1,391 |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin | | 5,567 | (1,917) | 4,552 | (1,391) |
| | | - | - | - | - |
| Gnóthachain/(cailteanais) de bharr malairte | 13 | - | 8 | - | - |
| Gnóthachan/(cailteanas) iomlán aitheanta don bhliain | | - | 8 | - | - |



Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 | 2016 £'000 | 2015 £'000 |
|--|-------|---------------|---------------|---------------|---------------|
| Sócmhainní Seasta | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 8(a) | 264 | 346 | 227 | 254 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 8(b) | 57 | 81 | 49 | 59 |
| Iomlán na Sócmhainní Seasta | | 321 | 427 | 276 | 313 |
| Sócmhainní Reatha | | | | | |
| Féichiúnaithe – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 9(a) | 50,260 | 496 | 43,142 | 364 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 10 | 25,016 | 28,564 | 21,473 | 20,988 |
| Iomlán na Sócmhainní Reatha | | 75,276 | 29,060 | 64,615 | 21,352 |
| Dlíteanais Reatha | | | | | |
| Creidiúnaithe – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 11(a) | (75,276) | (29,928) | (64,615) | (21,990) |
| Glandlíteanais/glansócmhainní reatha | | - | (868) | - | (638) |
| Féichiúnaithe – méideanna atá dlite tar éis bliana amháin | 9(b) | - | 42,980 | - | 31,580 |
| Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha, roimh Dhlíteanais Fhadtéarmacha | | | | | |
| | | 321 | 42,539 | 276 | 31,255 |
| Creidiúnaithe – méideanna atá dlite tar éis bliana amháin | 11(b) | - | (42,112) | - | (30,942) |
| Cistiú iarchurtha faoi choinne pinsean | 12(c) | 14,225 | 9,291 | 12,210 | 6,826 |
| Dlíteanais i dtaobh pinsean | 12(b) | (14,225) | (9,291) | (12,210) | (6,826) |
| Iansócmhainní | | 321 | 427 | 276 | 313 |
| Arna maoiniú ag: | | | | | |
| Caipiteal agus Cúlchistí | | | | | |
| Cúlchiste Ginearálta | 13 | - | - | - | - |
| Cúlchiste Deontais Caipitil | 14 | 321 | 427 | 276 | 313 |
| | | 321 | 427 | 276 | 313 |

The accounts were approved by the Chief Executive on 13 June 2017



Gina McIntyre, Chief An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 36 go 61 agus an t-aguisín ar leathanach 62.



Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 | 2016 £'000 | 2015 £'000 |
|---|-------|----------------|---------------|----------------|---------------|
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta | 15.1 | (5,828) | 9,000 | (1,472) | 5,716 |
| Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais Íocaíochtaí d'fhonn sócmhainní seasta a fháil | 14 | (34) | (54) | (29) | (38) |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid roimh mhaoiniú | | (5,862) | 8,946 | (1,501) | 5,678 |
| Maoiniú Cistiú caipitil a fuarthas | 14 | 34 | 54 | 29 | 38 |
| Glan-insreabhadh airgid ó mhaoiniú | | 34 | 54 | 29 | 38 |
| Méadú/(laghdú) ar iarmhéideanna airgid/bainc | 15.2 | (5,828) | 9,000 | (1,472) | 5,716 |



Nótaí a ghabhann leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

1. Beartais Chuntasaíochta

1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais seo i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil.

Comhlíonann na cuntais na riachtanais chuntasaíochta agus nochta arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

1.2. Sócmhainní Seasta

Is ionann luach na sócmhainní seasta agus a gcostas do FCSAE. Áirítear bogearraí ceannaithe leis na sócmhainní doláimhsithe.

Déantar dímhéas ar shócmhainní seasta ón mhí i ndiaidh a bhfála, ar rátaí a ríomhtar chun costas nó luach gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go cothrom thar a saol úsáideach tuartha, nó thar an tréimhse léasa má tá an tréimhse sin níos gairide. Seo mar atá an saol úsáideach tuartha i bpríomhchatagóirí na sócmhainní seasta:

| | |
|-----------------------|--|
| Daingneáin & Feistias | 7 mbliana |
| Computer Equipment | 5 bliana |
| Office Equipment | 7 mbliana |
| Leased assets | Téarma an léasa nó saol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé ceann acu is gairide |
| Intangible assets | 5 bliana |

Meastar nach leor luach na sócmhainní oibriúcháin atá in úsáid in FCSAE ionas gur gá athluacháil bhliantúil a dhéanamh orthu.

1.3. Costais Phinsin

Tá scéim phinsin le sochair shainithe i bhfeidhm ag FCSAE, a ndéantar í a chistiú uair sa bhliain ar bhonn íoctar mar a úsáidtear le hairgead a bhíonn ar fáil di, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn.

Faightear cistiú freisin trí asbhaintí ó thuarastail na foirne, a ndéanann FCSAE iad a aisíoc le RA agus le RCPA. Tá na hasbhaintí san áireamh le costais tuarastal agus phá (nóta 5).

Déantar dlíteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaíonn fostaithe sa tréimhse atá i gceist. Aithnítear méid arb ionann é agus an costas pinsin mar ioncam sa mhéid gur inghnóthaithe é, agus déantar é a fhritháireamh le deontais arna bhfáil sa bhliain atá i gceist chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Aithnítear gnóthachain nó cailíteanais a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailíteanas Aitheanta lomlána don bhliain inar tharla siad, agus aithnítear coigeartú dá réir sa mhéid is inghnóthaithe ó RA/RCPA.

Is ionann na dlíteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag na baill foirne go dtí seo. Is ionann an cistiú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn chomhfhreagrach a gheofar ar ais ón RA/RCPA sa todhchaí.



1.4. Cáin Bhreisluacha

Ní féidir le FCSAE CBL a éileamh ar ais. Dá bhrí sin, áirítear an cháin bhreisluacha mar chaiteachas agus déantar í a chaipitliú i luach na sócmhainní seasta, nuair is cuí.

1.5 Léasanna

Déantar sócmhainní atá faoi léas airgeadais nó faoi chonarthaí fruilcheannaigh a chaipitliú de réir a luacha chóir ag tús an léasa agus dimheastar iad thar thréimhse an léasa nó thar shaol geilleagrach úsáideach tuartha na sócmhainní, cibé acu is gairide. Déantar na muirir airgeadais a leithroinnt thar thréimhse an léasa agus cuirtear iad de mhuipear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais. Áirítear nithe ar cíos sa chuntas ioncaim agus caiteachais thar thréimhse an léasa.

1.6 Airgeadraí

Déantar idirbhearta FCSAE i cibé airgeadra atá ag an dlínse ina ndéantar iad. Tá na Ráitis Airgeadais curtha i láthair sa dá airgeadra. Léirítear iontu carnadh na n-idirbheart ar fad sa bhliain i ngach dlínse agus tá siad aistriithe de réir na meánrátaí malairte faoi seach le linn na bliana. Ag deireadh na bliana, aistrítear sócmhainní agus dlíteanais de réir an ráta atá ann an tráth sin.

| | 2016 | 2015 |
|------------------|-------------|-------------|
| Meánráta | £1 = €1.223 | £1 = €1.378 |
| Ráta ag deireadh | | |
| Year-end rate | £1 = €1.165 | £1 = €1.361 |

D'fhéadfadh an chuma a bheith ar na difríochtaí idir figiúirí na bliana reatha agus méideanna inchomparáide san airgeadra tánaisteach go bhfuil siad ró-mhór nó ró-bheag de bharr thionchar na ngluaiseachtaí sna rátaí malairte.

1.7 An Láraonad Íocaíochtaí

Tá Láraonad Íocaíochtaí ag FCSAE a bunaíodh chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail arna gcistiú faoi na Cláir AE ábhartha thar ceann na Ranna Cuntasacha Rialtais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn. Tá Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm idir FCSAE agus na Ranna Cuntasacha ar fad, ina leagtar amach freagrachtaí an dá pháirtí, agus ina sonraítear go soiléir nach de réir rogha FCSAE a bhaintear úsáid as na cistí, ach go bhfuil siad ar fáil chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail faoin Roinn Chuntasach chuí, faoin gClár cuí agus faoin Téama cuí, agus chun na cuspóra sin amháin.

Tarraingítear cistiú ó na Ranna agus coinnítear é i gcuntais bhainc ar leith. Déantar íocaíochtaí le tionscadail ar bhonn dearbháin leictreonacha arna n-údarú mar is cuí.

I gcás INTERREG IVA agus PEACE III, taispeántar íocaíochtaí a rinneadh le tionscadail (agus iad coigeartaithe i dtaca le fabhrú agus réamhíocaíochtaí neamhthuille) laistigh den chaiteachas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá an t-ioncam lena gclúdaítear na híocaíochtaí sin roinnte idir 'Éilimh Inghnóthaithe' faoin gCoimisiún Eorpach agus cistiú meaitseála ó Ranna Cuntasacha. Taispeántar aon bharrachas/ easnamh sa chistiú a fhaightear ó na Ranna mar ioncam fabhráithe/iarchurtha laistigh d'fhéichiúnaithe nó do chreidiúnaithe.

Comhlíonann FCSAE an fheidhm sin trína ról mar Údarás Deimhniúcháin don chlár PEACE III agus don chlár INTERREG IVA.



Íocaíochtaí a dhéantar le tairbhíthe a mheastar ina dhiaidh sin a bheith neamh- incháilithe, déanann FSCAE iad a aisghabháil trí fhritháireamh i gcoinne éileamh ó Cheannpháirtithe ina dhiaidh sin, nó trí aisíocaíocht dhíreach ón tionscadal. Sa chás nach n-éireoidh leis an aisghabháil trí na modhanna sin, iarrann FCSAE treoir ó na Ranna Cuntasacha ábhartha maidir leis an bpróiseas aisghabhála. Sa chás nach féidir íocaíochtaí a aisghabháil, is ar na Ballstáit a thitfidh an fhreagracht.

1.8 Cúlchiste Deontais Caipitil

Cuirtear deontais le haghaidh cuspóirí caipitil chun sochair Cúlchiste Deontas Caipitil agus scaoiltear chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais iad thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainní.

1.9 Ceangaltais

Is ionann na ceangaltais agus oibleagáidí faoi chonradh sna blianta amach romhainn maidir le conarthaí ar ann dóibh ag deireadh na bliana. Soláthraítear d'aon dliteanais a bhaineann le gníomhaíocht tionscadail sa bhliain reatha trí fhabhrúithe nó trí sholáthair, mar a mheastar is cuí.

1.10 Ioncam

Cuirtear ioncam ó dheontais do shochar an Chuntais Ioncam & Caiteachais, sa mhéid go dteastaíonn sé chun caiteachas gaolmhar a chlúdach (rud a aithnítear ar bhonn fabhrúithe). Aithnítear deontas barrachais mar ioncam iarchurtha ar an gclár comhardaithe.



2. Deontas ó na Ranna

| | RA | RCPA | IOMLÁN | IOMLÁN |
|----------------------------|--------------|--------------|--------------|--------------|
| | €'000 | €'000 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Deontas infhaighte: | | | | |
| Riarachán agus Speansais | 1,180 | 1,005 | 2,185 | 2,511 |
| Cistiú caipitil | 16 | 16 | 32 | 51 |
| Iomlán | 1,196 | 1,021 | 2,217 | 2,562 |

Roinnte mar seo a leanas:

| | | | | |
|---|--------------|--------------|--------------|--------------|
